# Campa Spóirt

Eochairfhocail: aoisghrúpa, aoi speisialta, ag reáchtáil, saoire na Cásca

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén duine atá ag reáchtáil an champa peile i nGaoth Dobhair an tseachtain seo?
2. Cén t-aoisghrúpa atá i gceist?
3. Cad is ainm don aoi speisialta a tháinig go dtí an campa?
4. Cén spórt a thaitníonn le Fionn?
5. Cathain a bheidh an chéad champa eile á reáchtáil ag Daire?



Léamhthuiscint: Daire Ó Baoill

**Léigh an sliocht seo faoi Dhaire Ó Baoill agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi i do chóipleabhar.**

Is as Gaoth Dobhair, ceantar Gaeltachta i nDún na nGall, do Dhaire Ó Baoill. Tá sé tríocha bliain d'aois. D'imir sé peil Ghaelach agus sacar agus é ag fás aníos. Sár-imreoir sacair a bhí ann agus mar sin bhí cinneadh le déanamh aige agus é sna déaga dul le sacar nó leis an bpeil Ghaelach. Bhí croí Dhaire istigh sa pheil Ghaelach riamh anall agus mar sin d'éirigh sé as an sacar. Imríonn sé anois ar fhoireann sinsir Dhún na nGall. Imríonn sé sna tosaithe an chuid is mó den am agus is minic a aimsíonn sé scóranna breátha dá fhoireann. Níl aon amhras faoi mar sin ach go bhfuil sé ar dhuine de na himreoirí is tábhachtaí atá ag bainisteoir na foirne, Jim McGuinness.

**Ceisteanna**

1. Ainmnigh an dá spórt a d'imir Daire agus é ina leaid óg?
2. Cén cinneadh a ghlac Daire agus é sna déaga?
3. Cá n-imríonn Daire le foireann sinsir Dhún na nGall?
4. Cad is ainm do bhainisteoir fhoireann peile Dhún na nGall?
5. An dtaitníonn an pheil Ghaelach leat? Cén fáth?

# Na Freagraí

1. Imreoir Dhún na nGall, Daire Ó Baoill
2. Páistí idir 5 agus 9 mbliana d'aois
3. Hugh McFadden
4. Peil Ghaelach
5. Le linn shaoire na Cásca

